



Lámhleabhar na nOthar Ospidéal Beaumont



Lámhleabhar na nOthar, Ospidéal Beaumont

Clár

Fáilte	3	Teileafóin Póca	13
Teangacha Lámhleabhar na nOthar	3	Seirbhísí	14
Cabhair le hOthair Isteach	4	Bácús	14
Socrúithe	4	Bialann	14
Árachas Leighis	5	Siopa an Oispidéil/Siopa Féiríní..	14
Iarratais do Sheomraí Príobháideacha	5	Máisín Bainc/Airgid	14
Céard a theastaíonn uaim	5	Seirbhís Poist	14
Bardaí Lae na nIontrálaithe	6	Teileafóin (poiblí)	14
Aistriú Leapacha agus Bardaí	6	Idirlíon	15
Lóistín do Ghaolta	6	Seirbhísí Áitiúla	15
Lóistín B&B	6	Seirbhísí Speisialta	16
Do Chúram sna Bardaí	7	Séiplíneacht	16
D'Fhoireann Sláinte	7	Caitliceach Rómhánach	16
Cothú	7	Eaglais na hÉireann	16
Glao Teileafóin	9	Meitidisteach	16
Ionadaí an Othair	9	Moscanna	16
Tráthanna agus Imní	9	Preispitéireach	16
Do Cheart d'Eolas	9	Ateangairí/Aistritheoirí	17
Do Cheart do Rúndacht	9	Eolas don Lucht Lagéisteachta	17
Cuairteoirí	10	Slándáil	18
Ag ullmhú le haghaidh dul abhaile.	11	Cailte agus Aimsithe	18
Sábháilteacht	12	Páirceáil	18
Polasaí Tobac	12	Ospidéal Naomh Iósaef, Ráth Eanaigh	19
Sábháilteacht Dóiteáin	12	Fondúireacht Beaumont	24
Glaineacht/Sláinteachas	13	Mapaí agus Treoracha	25
Trealaimh Leictreacha	13		

Ospidéal Beaumont

Bóthar Beaumont BÁC 9

(01) 809 3000

www.beaumont.ie

Uaireanta Cuairteoirí


Luain–Sathairn:

1.00 in –4.00 in agus 5.30 in–8.30 i.n

Domhnach & Lá Saoire Bainc:

1.00 i.n–8.30 i.n

Príomhláthair



1	Bakery	Bácús
2	Reception	Fáiltiú
3	Porters	Póirtéirí
4	Security	Slándáil
5	Rehab	Athshlánú
6	Bank	Bainc
7	Restaurant	Bialann
8	To OPD clinics / blood tests	Go Clinicí Roinn na nOthar Seachtrach/Scrúdú Fola
9	Admissions	Othair Isteach
10	Patient representative	Ionadaí Othair
11	Internet access	Rochtain Idirlín
12	Post	Post
13	Shops	Siopaí
14	Lift/stairs	Ardaitheoir/Staighrí

Fáilte

Tá míle fáilte romhat go dtí Ospidéal Beaumont. Tá súil againn go dtugann an lámhleabhar seo eolas duit ar sheirbhísí agus ar acmhainní an Ospidéal atá ar fáil duitse agus do chuairoteoirí.

Soláthraímid raon leathan de sheirbhísí clínicíúla agus speisialtacha agus tá clú agus cáil ar bharr forfeachta ár gcúram. Le linn do thréimhse san ospidéal, caithfear leat mar indibhidiúil agus cuirfear do riachtanais san áireamh in ainneoin d'inscine, do stádas, do chine nó d'aois.

Déanfaimid ár seacht ndícheall an t-ospidéal a dhéanamh slán agus fáiltiúil duit agus creidimid go láidir i gcultúr na dínite agus i meas do gach uile othar agus ball foirne.

Má tá eolas nó cabhair ag teastáil uait i rith do thréimhse linn, labhair le ball foirne a chabhróidh leat.

Teangacha Lámhleabhar an Othair

Ionas gur féidir linn déileáil lenár gcomhphobal ilchineálach, foilsímid an Lámhleabhar seo i roinnt teangacha. Cuir ceist ar an bPríomhoifig Fáilte má tá Lámhleabhar an Othair ar fáil i do theanga. Teil. (01) 809 2530

Please ask at Main Reception if the handbook is available in your language. Phone (01) 809 2530.

Пожалуйста спросите в Главной приемной о возможности Руководства Пациента на вашем языке. Звонить (01) 809 2530.

Prašome pasiteirauti pagrindinėje registratūroje, ar “Ligonių vadovas” yra jūsų kalba. Telefonas (01) 809 2530.

Proszę zapytaj w Głównej Recepcji czy jest dostępna Książeczka Pacjenta w Twoim języku. Zadzwoń (01) 809 2530.

Lai uzzinātu, vai Pacienta Rokasgrāmata ir pieejama Jūsu dzimtajā valodā, lūdzu jautājiet galvenajā uzņemšanā. Tālr.: (01) 809 2530.

Va rugam sa intrebati la receptie daca brosură pacientului este disponibilă si în limba dvs. Telefon: (01) 809 25 30.

Cabhair le hIontrálacha

Tá an próiseas iontrála mar chuid lárnach den chúram agus den chóir leighis. Is é aidhm an t-Ospidéal ná oibriú leatsa, le do chlann agus le do chairde ionas gur féidir linn do riachtanais a thuiscint agus le go mbeimid in ann tú a shocrú isteach chomh tapa agus is féidir.

Socrúithe Iontrálacha

Cláraítear othair in Ospidéal Beaumont de réir iontráil roghnach (réamhshocrúithe) nó de réir Iontráil Éigeandála trínár Roinn Éigeandála nó Roinn Othair Amach.

Más othar d'iontráil roghnach thú, caithfidh tú dul i dteagmháil leis an ospidéal sula bhfágann tú an baile chun a áirithiú go bhfuil gach socrúithe ann i dtosach agus go bhfuil leaba ar fáil. Is iad na huimhir teagmhála ná:

- **Luain go Sathairn 9.00am–5.00pm**

Néar-mháinleacht/Iontralaithe N-M	(01) 809 2411
Iontralaithe Duáin	(01) 809 2988
CSS (Cluais, Srón agus Scórnach)	(01) 809 2925
Máinleacht Ghinéaralta/Úireolaíocht srl.	(01) 809 2214 nó 809 2295
Mura bhfuil tú cinnte, cur glaoch ar	(01) 809 2944

- **I ndiaidh 5 i.n, an lá ar fad Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh agus ar Lá Saoire Baine, glaoigh ar (01) 809 2944 le haghaidh gach cineál iontrála.**

Tar éis do leapa a dheimhniú, gabh chuig an Oifig um Chlárú Iontrálaithe. Le dul chuig an Oifig, gabh isteach san Ospidéal ón bPríomhbhealach isteach agus tóg an chéad deis (féach ar an mapa at leathanach 2).

Cláróidh foireann na hOifige um Chlárú Iontrálaithe d'iontráil agus cabhróidh siad leat leis an doiciméadúchán cuí.

Árachas Leighis

Tóg na rudaí seo a leanas leat ar lá d'iontrála mar is iomchuí:

- Cárta Leighis le huimhir agus dáta athbhreithnithe
- Plean agus uimhir d'Árachóra um Shláinte Phríobháideach.
- Plean agus uimhir Mhíochaine an Gharda Síochana
- Uimhir agus scéim E.S.B.
- Uimhir PPS (Neamhnáisiúnaigh an AE)
- Aon eolas ar árachais bhreise atá cuí

Cuirtear costas laethúil an tobhach rialtais ar an mbille le haghaidh an chéad 10 lá d'iontráil in aon tréimhse de 12 mhí. Eisítear bille ar fhágáil duit. Tá aon choinneálaí Cárta Leighis díolmhaithe ón tobhach seo.

Beidh ar gach uile othair, idir phríobháideach agus poiblí, aon fhoirm chuí a líonadh amach agus a shíniú. Is féidir leis an ospidéal na hárachóirí leighis, más féidir, a bhilleáil thar do cheansa.

Tabhair faoi deara gur iontrálaithe príobháideacha iad na hothair a d'fhreastail ar a C(h)omhairleach go príobháideacha nó atá a aistriú ó ospidéal príobháideach.

Iarratas do Sheomraí Príobháideacha

Féadfaidh iontrálaithe príobháideacha lóistín príobháideach / leathphríobháideach a iarraidh ón Oifig um Chlárú Iontrálaithe nó ón Bhainisteoir Barda.. Aistrefar aon iontrálaí príobháideach ar leaba phoiblí go dtí an lóistín cuí chomh luath agus is féidir. Ní fhéadfar lóistín príobháideach a ráthú.

Le tabhairt leat	Nach bhfuil le tabhairt leat
<ul style="list-style-type: none">• Eolas pearsanta agus eolas árachas leighis• Éadaí Oíche• Fallaing Sheomra• Slipéir• Fobhrístí• Corr Ionnalta (scuab fiacla, cíor, rásúr, ceirt tuáille, aghaidh, srl.)• Cógas fadtéarmach.	<ul style="list-style-type: none">• Earraí luachmhara• Seodra• An iomarca éadaí (beidh taisceadán agus feisteas beag agat, ach tá an spás teoranta).• Airgead (seachas méid beag)• Trealamh leitreacha ar nós raidió (teastaíonn cead ón bhfoireann cothabhála) <p>Téigh i gcomhairle lenár bpolasaí um earraí sábhála (iarr ar bhall foirne chun cabhrú leat)</p>

De bhrí nach féidir leis an ospidéal seirbhís níos áine a chur ar fáil, déan socraithe le do chairde agus le do chlann. Ná tabhair bia leat go dtí an ospidéal de bharr cúiseanna sláinte agus sábháilteachta.

Barda na n-Iontrálaithe Lae

Tá socruithe ar leith ag na Bardaí Lae (ar nós Ionscópacht, Cairdeolaíocht agus Oinceolaíocht) atá saintréitheach dá n-iontrálaithe roghnacha agus cuirfear eolas ar fáil duit faoi na socruithe seo roimh iontráil

Aistriú Bardaí agus Leapacha

De bharr na n-iarratas chun an cúram leighis agus altranais is fearr a sholáthar do gach uile othar, d'fhéadfaidh sé go mbogfaidh go dtí áit eile sa bharda thú nó go dtí bardaí eile nó fiú go dtí Ospidéal Naomh Iósaf, Ráth Eanaigh. Cé go ndéantar gach iarracht gan othair aistriú, bheimis buíoch duit as do chomhoibriú má iarrtar ort bogadh. Ar ndóigh, d'fhéadfadh sé go niarrfaidh ar othair eile bogadh ar mhaithe leatsa chomh maith.

Barda Leanaí- Lóistín do Ghaolta

Tá lóistín teoranta, thar oíche, ar fáil do pháirtithe/neasghaolta de phaistí i mbaol báis in Aonad Cónaithe na dTuismitheoirí in aice le Barda Naomh Raphael do Phaistí.

Tá lóistín teoranta, thar oíche, curtha ar fáil ag CDE (Cumann Duán na hÉireann) d'othair duánacha/neasghaolta le haghaidh othair atá ag fáil aistriú duáin. I gcásanna áirithe, cuirtear lóistín ar fáil do neasghaolta d'othair i mbaol báis san ionad dianchrúram (ICU).

Lóistín Leaba & Bricfeasta (L&B)

Tá líosta de lóistín L&B sa cheantar ar fáil ó Shiúr an Bharda/ón Altra Foirne i bhfeighil nó sa bPríomhoifig Fáiltithe. Ní ghlacann Ospidéal Beaumont aon fhreagracht as caighdeán an lóistín.

Do Chúram sna Bardaí

I ndiaidh d'iontrála, cuirtear ar bharda nó i gclinic thú. Tá cur síos anseo ar an gcúram ar féidir leat a bheith ag súil le comh maith leis an gcúram den scoth a sholáthraíonn do chroí-fhoireann sláinte duit.

D'Fhoireann Sláinte

Ar dul isteach ar an mbarda, tabharfaidh banaltra cabhair duit le socrú isteach agus oibreoidh doctúir leat chun do stair leighis a líonadh amach. Gheobhaidh tú bileog eolais faoi do chúram ar do shainbharda féin. Ba cheart go mothódh tú ar do shuaimhneas agus ceisteanna á chur agat ar do dhochtúir nó ar do bhanaltra faoi do stáid sláinte.

Le linn do thréimhse linn, féadfaidh tú a bheith faoi chúram an chroighrúpa daoine seo a leanas:

- An bhanaltra ar dualgas a chuireann do chúram altranais ar fáil.
- An bainisteoir altranais ina bhfuil bainistíocht bharda agus chliniciúil faoina c(h)úram.
- Gairmeacha comhghaolmhara (fisiteirpeoir, teiripeoir saothair, oibrí sóisialta, teiripeoir urlabhra) a chuireann a seirbhísí sainliachta ar fáil mar is iomchuí.
- Do Lia Comhairleach, an doctúir freagrach as do chúram le linn do thréimhse san ospidéal. Beidh do chúram faoi stiúr an dochtúra agus is é/í a shocróidh cén uair a rachfaidh tú abhaile
- D'fhoireann sláinte, a chóireálfadh thú faoi stiúr an dochtúra chomhairligh.


Féach ar leathanach 8 chun d'fhoireann a aithint níos éascaí

Cothú

Ar do theacht isteach, cuirfear ceisteanna ort maidir le do chothú. Cuirfear biachlár laethúil ar fáil duit agus tú sa bharda. Féadfaidh othair airithe a bheith ar chúram speisialta. Go ginearálta, tá bricfeasta ar fáil ag 8.00 r.n, lón ag 12.30 i.n. agus tae/dinnéar idir 4.30-5.00 i.n. Ná tabhair leat bia go dtí an ospidéal de bharr cúiseanna sláinte agus sábháilteacha.

Lámhleabhar na nOthar, Ospidéal Beaumont

Lig cead do bhall foirne cabhrú leat le linn do thréimhse linn san ospidéal. Seo é an chaoi inar féidir leat na baill foirne a bhféadfaidh teagmháil a dhéanamh leat le linn do thréimhse linne ar an mbarda a aithint.



1	Staff ID Badge	Suaitheantas Foirne
2	Doctor/Medical	Doctúir/ Míocháin
3	Dietician	Bia-Eolaí
4	Emergency Department	An Rannóg Éigeandála
5	Theatre / Radiologist	Obrádlann /Raideolaí
6	Ward Sister	Siúr Bharda
7	Nurse Specialist	Altra Speisialtóir
8	Staff Nurse	Altra Foirne
9	Student Nurse	Altra faoi
10	Physio / Occupational / Speech Therapists	Teiripeoirí Fisiteiripe/ Saothair/Urlabhra
11	Porter	<u>Giolla</u>
12	Catering	Lónadóireacht
13	Health Carer	Cúramóir Sláinte
14	Household	Lucht Tí
15	Cleaner	Glantóir

Glaonna Teileafóin

Má tá ar dhuine glooch a chur ort, ba cheart dóibh dul i dteagmháil leis an mbarda go díreach. Tabhair faoi deara, áfach, go ndírítear gach glooch go dtí stáisiún altranais agus go bhféadfadh sé cur isteach ar obair altranais agus ar chúram othair. Féach ar rannóg na Seirbhísí sa lámhleabhar seo le haghaidh tuilleadh eolais. Ní cheadaítear fóin póca ach in limistéir áirithe (féach ar leathanach 13).

Ionadaí Othair

Cuirtear Ionadaí Othair ar fáil chun gearáin a fhiosrú agus eolas agus cúnaimh a sholáthar. Cabhróidh siad le haon deacrachtaí a réiteach maidir le seirbhísí an Ospidéil. Teil. (01) 809 3234

Uaireanta Oifige:

Luain–Aoine: 8.00r.n–8.00pm Sathairn & Domhnach: 10.00r.n–2.00i.n

Barúlacha & Buarthaí

Tá súil againn go mbeidh tréimhse deas agat linn. Tá aiseolas ar do thréimhse a chaith tú ag Beaumont tábhachtach dúinn – bíodh gur moladh, imní nó buart í.

Má tá ábhar buartha nó gearáin agat, labhair le ball foirne an chlinic, an bharda nó na rannóige faoin fhaidhb. Déanfar gach iarracht deileáil le do bhuairt agus, , rudaí a chur i gceart más féidir . Mura bhfuilimid in ann réiteach a fháil duit, cuirfear thú i dteagmháil le hOifig na n-Ionadaí Othair.

Do Cheart d'Eolas

Tá eolas pearsanta ar do thaifead sláinte pearsanta. Tá sé de cheart agat athbhreithniú a dhéanamh air agus rochtain a fháil ar an eolas. Glaoigh ar Rochtain Ghnáthaimh (01) 809 2873 le tuilleadh eolais a fháil. Mura bhfuilimid in ann do rochtain a cheadú de bharr cúis éigin, cuirfear ar an eolas thú agus féadfaidh tú dul i dteagmháil leis an Oifig Saorála Faisnéise (OSF) ag (01) 809 2866.

Do Cheart do Rúndacht

Le linn do thréimhse linn, beidh gach saghas baill foirne idir míochaine, altranais, oifigí comhghaolmhara sláinte agus riaracháin ag rochtain do chuid sonraí. Éilítear ar gach ball foirne meas a bheith acu ar do shonraí rúnda. Má tá aon imní ort maidir leis seo, féadfaidh tú dul i dteagmháil le hOifig na n-Ionadaí Othair ag (01) 809 3234

Cuairteoirí

Tá cuairteoirí mar chuid lárnach de lá an othair. Is é leas an othair, príomhfhreagracht an ospidéil áfach,. Uaireanta, cuirtear srian ar mhaithe le chun leas an othair a chinntiú.

- **Caithfear cloí leis na huaireanta cuairtaíochta.** Féach ar na huaireanta thíos.

Uaireanta Cuairteoirí

Luain–Sathairn: 1.00 i.n. – 4.00 i.n. agus 5.30in–8.30in
Domhnach & Lá Saoire Baine : 1.00 i.n.– 8.30 in

**Níl cead cuairt a thabhairt roimh 1.00 i.n.
Caithfidh gach cuairteoir an tospidéal a fhágáil ag 8.30 i.n.**

Féadfaidh socruithe áitiúla ar leibhéal barda na huaireanta cuairteoirí a chur ar neamhní. Gabh i dteagmháil leis an mbarda chun na huaireanta cuairteoirí a chinntiú

- Níor cheart go mbeadh páistí faoi 12 bhliain d’aois ar chuairt ach amháin nuair a thugann an tSiúr Bharda cead.
- Níl cead ag cuairteoirí alcól a thabhairt d’othair
- Ní chaitear tobac san ospidéal.
- Ná tabhairt cuairt má tá slaghdán, fliú, buinneach, urlacan nó ionfhabhtaithe eile ort.
- Bain úsáid as na glóthacha láimhe agus tú ag teacht isteach agus amach san/ón ospidéal agus an barda. Tá glóthacha láimhe ar fáil ar fud an ospidéil
- Seiceáil leis an mbarda sula dtógann tú bláthanna leat mar d’féadfadh srianta a bheith i bhfeidhm.
- D’Fhéadfaidh srianta eile a chur i bhfeidhm (le linn raig de ghalair thógálacha, mar shampla).

Ag ullmhú le haghaidh dul abhaile

Tar éis scéala a fháil go mbeidh tú ag dul abhaile, déan cinnte go:

- bhfuil socruithe ullmhaithe agat le dul abhaile ar mhaidin d'imeacht **(roimh 11.00 r.n.)**. Smaoinigh go bhféadfadh do leaba a bheith ag teastáil ó othar sa Rannóg Éigeandála.
- Beir leat aon seoda a cuireadh i dtaisceadán.
- seoltar teastas dochtúra chugat mar 's iomchuí.
- bhfuil, agus tú ag imeacht, oidis agat le haghaidh aon chógas a d'ordaigh do chuid dochtúirí duit.

Socrófar cúram leanúnach de réir do riachtanais duit.

Sábháilteacht: Freagracht Gach Duine

Cóiméad Ospidéal Beaumont mar áit shábháilte inár féidir cóir leighis a fháil, cuairt a thabhairt agus obair a dhéanamh.

Polasaí Tobaic

I ndáil leis an reachtaíocht reatha, **toirmisctear caitheamh tobac i ngach áit den Ospidéal**. Le tuilleadh eolais a fháil, léigh an Bileog Eolais ar Láthair Oibre Saor ó Thobac atá ar fáil ar gach barda. Tá ‘Seirbhís Thacaíochta um Scoir ó Thobac’ ar fáil, má iarrtar, trínár Rannóg um Chothú Sláinte ar fholíne 2941

Ná caith tobac taobh amuigh de príomhbhealaí isteach an ospidéil (polasaí an ospidéil)

Tá suntasán curtha ar fáil taobh amuigh den príomhbhealach isteach chuig an ospidéal, d’othair agus do chuirteoirí a dteastaíonn uathu tobac a chaitheamh.

Sábháilteacht Dóiteáin

Tá sé i gceist againn timpeallacht a chruthú atá saor ó phriacal dóiteáin agus deileáil le haon eachtra ar dhóigh a maolóidh a thorthaí.

Má thagann tú ar dhóiteáin nó má tá tuairim agat faoi:

1. Bris an aonaid gloine chun rabhadh a thabhairt.
2. Cur fios ar bhall foirne.
3. Fág an fhoirgneamh tríd an mbealach éalaithe is gaire duit.
4. Cloí le treoracha na mball foirne.

Má chloiseann tú an aláram dóiteáin:

1. Fág an foirgneamh tríd an bealach éalaithe is gaire duit.
2. Géill le treoracha na mball foirne.

Ná bain úsáid as na hardaitheoirí. Ná téigh isteach sa bhfoirgneamh arís.

Glaineacht / Sláinteachas

Déanann Ospidéal Beaumont a dhícheall i gcónaí chun deachleachtas sláinteachais a chur i bhfeidhm.

Tabhair cabhair dúinn chun timpeallacht shláintiúil agus ghlan a chothú ar mhaithe leis na h-othar agus na ball foirne.

- Nígh do láimhe led' thoil agus bain úsáid as na glóthacha láimhe roimh agus tar eis aon teagmháil le hothar.
- Ná cur tuailí nó éadaí ar na radaitheoirí.
- Ná fág giuirléidí (cásanna san áireamh) ar an urlár.
- Tóg leat d'earraí maisíochta agus tú réidh sa leithreas.
- Ná stóráil bia ar nó in aon taisceadán mura bhfuil siad i gcoimeádáin aerdhíonacha.

Táimid buíoch duit as do comhoibriú. Má tá aiseolas agat maidir le sláinteachas, gabh i dteagmháil leis an gComhordaitheoir Sláinteachais ag (01) 852 8183.

Trealaimh Leictreacha

Níl sé de chead ag othair ná ag cuairteoirí trealaimh leictreacha a thabhairt leo go dtí an ospidéal gan cead ón bhfoireann cothabhála.

Teileafóin Póca

D'Féadfadh úsáid fóin póca agus siúlscéalaí cur as do chóras cothaithe beatha agus diagnóiseach.

- Taispéanann comharthaíocht ar fud an ospidéil na háiteanna inár féidir leat do fhón póca a úsáid.
- Tá cosc ar úsáid pictiúrfóin san ospidéal.
- Ní bheidh an tospidéal freagracht as aon chailteanas ná goid d'fhóin póca.

Seirbhísí

Féach ar an mapa laistigh den chéad leathanaigh chun láthair na seirbhísí seo a fháil.

Bácús

Tá bácús suite laistigh den phríomhbhealach isteach an ospidéil.
Luain–Aoine: 8.45–7.30in. Sathairn–Domhnaigh: 12.00in–5.30in

Bialann

Tá bialann suite ar an bpríomhphasáiste.
Luain–hAoine: 8.15–7.30 i.n. Sathairn–Domhnaigh: 11.00 i.n.–5.30 i.n

Siopa an Ospidéil/Siopa Féiríní

Tá siopa an ospidéil agus an siopa féiríní suite ar an bpríomhphasáiste.
Luain–hAoine: 8.00–9.00 i.n. Sathairn–Domhnaigh: 9.00 r.n.–8.00 i.n.

Meaisín Bainc/Airgid

Tá fó-óifig Banc na hÉireann suite ar an bpríomhphasáiste. Tá meaisín bainc suite in aice leis an mbainc.

Luain–hAoine: 10.00 r.n. 12.30 i.n. agus 1.30 i.n.–4.00 i.n.

Seirbhís Poist

Seachadtar litreacha agus beartáin go dtí na Bardaí go laethúil. Tá stampaí poist ar fáil ón siopa féiríní. Is féidir litreacha le stampaí a chur sa mbosca phoist. Fágann an post seo an tospidéal ar 3.30 i.n. gach lá.

Teileafóin (Poiblí)

Tá teileafóin poiblí agus cárta d’othair agus do chuariteoirí ar fáil ar fud Ospidéal Beaumont. Tá cártaí fóin ar fáil i siopa an ospidéil.

Is é (01) 809 3000 uimhir Ospidéal Beaumont. Má chuireann tú 809 roimh fhó-líne barda, gabhfaidh an glao go díreach ag an mbarda.

Idirlíon

Tá dhá rochtain Idirlín ar an bPríomhláthair, trasna ón Oifig Slándála. Tá rochtain amháin i seomra feithimh na Rannóige Éigeandála. Tá costais ar úsáid Idirlín.

Seirbhísí Áitiúla

Tá trí ionad siopadóireachta gaobhardach:

- Ionad Siopadóireachta Northside ar Bhóthar Oscair Mhic Thréinir
- Ionad Siopadóireachta Omni ar Bhóthar Sord.
- Ionad Siopadóireachta Chaisleáin Ard Aidhin ar Bhóthar na Coille Móire.

Tá stáisiún peitрил agus siopaí beaga eile in aice le Geata Tosaigh an Ospidéil (ar Bhóthar Beaumont). Féach ar na mapaí ag cúl an lámhleabhair le tuilleadh eolais a fháil.

Seirbhísí Speisialta

Seirbhísí Séiplíneachta

Feidhmíonn Seirbhísí Séiplíneachta an Ospidéil ar bhonn idirchreidmheach agus tá an fhoireann eagraithe dá réir. Soláthraíonn an Rannóg lánseirbhís threadchúraim d’othair agus á dteaghlaigh. Tá Séipéal an Ospidéil idirchreidmheach agus suite ar urlár na tálún. Teil. (01) 809 2815.

Seirbhísí Caitliceach Rómhánach

Dáileann Ministrí na hEocairiste An Chomaoineach Naofa ar na Bardaí go laethúil. Tá Séipéal Bhig na Sacraiminte Bheannaithe suite san áit chiorclach laistigh den PhríomhShéipéal. Is mar a leanas ata uaireanta na nAifreann:

Ospidéal Beaumont: Luain–Aoine: 1.00 i.n.
 Sathairn: 7.30 i.n.
 Domhnach: 10.00 r.n. agus 1.00 i.n.

Ospidéal Naomh Iósaef: Luain, Aoine, Domhnach agus Laethanta
 Beannaithe ag 10.30 r.n.

Seirbhísí Eaglais na hÉireann

Tá Ministrí oirnithe agus neamhoirnithe ar fáil go rialta.

Seirbhísí Meitidistigh

Féadfaidh tú dul i dteagmháil le Ministir Mheitidistigh i Rannóg na Séiplíneachta nó tríd an bhfoireann altranais ar an mbarda.

Moscanna

Tá Mosc suite ar Phasáiste Seirbhísí Ghinearálta ar Urlár na Tálún.

Seirbhísí Preispitéirigh

Féadfaidh tú dul i dteagmháil leis an Ministir Phrespitéireach i Rannóg na Séiplíneachta nó tríd an bhfoireann altranais ar an mbarda.

Ateangairí / Aistritheoirí

If English is not your primary language and you need assistance, please contact a staff member or the Patient Representatives Office (01 809 3234).

Jeil anglu nera jusu gimtoji kalba ir jums reikia pagalbos, prasome kreiptis i personala arba Pacientu atstovu biura (tel. 01 809 3234).

Dacă engleza nu este limba pe care o cunoașteți cel mai bine și aveți nevoie de ajutor, vă rugăm să contactați un membru al personalului sau al Biroului pentru pacienți. (01 8093234).

Если английский не является родным языком для Вас и Вам требуется помощь, свяжитесь с сотрудником отдела представителей пациентов (01 809 3234)

Ja anglu valoda nav Jūsu pamatvaloda un Jums ir nepieciešama palīdzība, lūdzam griezties pie kāda no personāla pārstāvjiem vai sazināties ar Pacientu Pārstāvniecības Biroju (01 8093234)

Jeśli angielski nie jest twoim językiem podstawowym i potrzebujesz pomocy, prosimy o kontakt z personelem szpitala lub z Przedstawicielem ds. Pacjentów (tel. 018093234)

Eolas don lucht lagéisteachta

Má tá tú bodhar nó má tá deachrachaí éisteachta agat agus má tá cabhair uait, gabh i dteagmháil le ball foirne nó le hOifig na nIonadaí Othair (01 809 3234)

Slándáil

Tá an Oifig Slándála in aice leis an bPríomhbhealach Isteach, trasna ón Ionad Othair Isteach. Tá córas cuimsitheach Teilifís Chiorcaid Iata (CCTV) in úsáid ag Ospidéal Beaumont agus glacaimid páirt sa scéim Faire Ospidéil ar mhaithe leat féin,.

Cailte agus Aimsithe

Cur aon earraí aimsithe ar ais go dtí do bharda nó go dtí an Oifig Slándála. Chun earra a aimsiú, gabh i dteagmháil le Slándáil ag 211- nó tabhairt cuairt ar an Oifig Slándála trasna ón Ionad Othair Isteach, in aice leis an bPríomhbhealach Isteach.

Páirceáil

Tá spásanna pairceála ar fáil san charrchlós ilstórach os comhair an Ospidéil. Tá pas 24-uair ar fáil ó Oifig an Charrchlóis le haghaidh muirear seasta.



Faire Ospidéil

- Soláthraíonn sé timpeallacht sábhailte d'othair, do chuairoteoirí agus don fhoireann.
- Cothaíonn sé cosc ar choireanna i measc na foirne agus na n-othair.
- Is cosaint é in aghaidh gadaíocht agus damáiste

Ospidéal Naomh Iósaef, Ráth Eanaigh

Cúlra

Is ospidéal géarmhíochaine é Ospidéal Naomh Iósaef agus soláthraítear cúram Míochaine agus Máinliachta d’othair cónaithe, Seirbhísí Cúram Lae agus Fisiteiripe Othair Amach agus seirbhísí Raideolaíochta. Tá Aonad Athshlánúcháin ag an Ospidéal chomh maith. Faoi láthair, féadfaidh an tOspidéal 69 othar a thógáil.

Tá Ospidéal Naomh Iósaef faoi bhainistiú Bord Ospidéal Beaumont. Ar dtús, bhí an tOspidéal faoi úinéireacht an oird rialta, Siúracha Chambery.

Tá súil againn go mbeidh do thréimhse in Ospidéal Naomh Iósaef chomh socair agus is féidir.

Socruithe Iontrála

Cláraítear othair go dtí Ospidéal Naomh Iósaef de réir iontrála roghnach. Is é sin le rá ná go mbeidh dáta d’iontrála réamhshocruithe. Féadfaidh le hothair teacht as Ospidéal Beaumont chomh maith.

Uaireanta Oifige: Dé Domhnaigh 3–4 i.n. agus de réir coinní ar an deireadh seachtaine.

Caithfidh othair a fhágann an t-ospidéal cead a fháil óna lia comhairleach nó ón altra atá i bhfeighil air/uirthi.

Le linn do thréimhse in Ospidéal Naomh Iósaef, féadfaidh cuid de do thástálacha a bheith in Ospidéal Beaumont. Chomh maith le sin, i gcásanna áirithe, féadfaidh tarlú go mbogfaidh go dtí Ospidéal Beaumont thú chun do chúram a leanúint ar aghaidh agus féadfaidh tarlú go mbogfaidh thú ó Ospidéal Beaumont go dtí Ospidéal Naomh Iósaef le go mbeidh tú in ann do chúram a leanúint ar aghaidh.

Bardaí

Tá eolas bunúsach ar fáil anseo faoi gach barda. Tá tuilleadh eolais fúthu sa Phríomhoifig Fáilte Naomh Íosaf.

Aonad 1 Máinliach

Suite ar urlár na tálún, tá 16 leaba agus 10 leaba lae ag an Aonad seo. Is Aonad Máinliachta é a sholáthraíonn máinliach d'othair cónaithe agus lae. Teil. (01) 877 4916.

Barda Lae

Freastalaíonn an Barda Lae do sé leaba lae le haghaidh gnáthamh máinliachta lae. Teil: (01) 877 4947.

Aonad 2A Míochaine

Tá 19 leaba san Ionad Míochaine agus tá sé suite ar an gcéad urlár. Tá ardatheoir ar fáil le dul ann. Teil: (01) 877 4915.

Aonad Athshlánúcháin

Tá an tAonad seo suite ar an gcéad urlár agus sainfheidhmíonn sé i dianchúram othair a dteastaíonn tréimhse athshlánúcháin uathu. Tá 18 leaba san ionad. Teil: (01) 877 4914.

Tá an Rannóg Fisiteiripe d'Othair Amach, Obrádlann, X-ghathach, Ultrafhuaim, agus Leitreachardgram mar chuid dár n-áiseanna chomh maith.

Bheadh muid buíoch díót as ucht do chomhoibriú ar lá d'imeachta agus an seomra a fhágáil idir 9.00 r.n. agus 10.00 r.n.

Má tá aon deacrachtaí agat tar éis fágáil, mholfadh muid duit ceann acu seo a dhéanamh:

- Gabh i dteagmháil le hOspidéal Naomh Íosaef agus labhair leis an bhFoireann Altranais.
- Gabh i dteagmháil le do D.G. (Doctúir Leighis Ginearálta), nó freastal ar an Rannóg Éigeandála den ospidéal is gaire.

Cuairteoirí

Tá cuairteoirí mar chuid lárnach de lá an othair. Teastaíonn am ciúin óna hothair chomh maith, áfach. Cuimhnigh ar na hothair eile agus ná déan torann, leirigh meas ar a bpríobháideachas, agus na húsáid an fóin póca, más féidir.

Uaireanta Cuairtaíochta 2.00 i.n.–4.00 i.n. agus 7.00 i.n.–9.00 i.n.

Moltar gan cuairteanna a thabhairt ag am lóin (12.00in–1.00in) ag am dinnéara (5.00in– 6.00in).

Lóistín do Chuardteoirí

Cé nach bhfuil lóistín le fáil san ospidéal ag gaolta, tá liosta B&B ar fáil ag an bPríomhoifig Fáilte.

Sábháilteacht

Cóiméad Ospidéal Naomh Iósaef mar áit shábháilte inár féidir cóir leighis a fháil, cuairt a thabhairt agus obair a dhéanamh

Polasaí Tobac

Níl cead tobac a chaitheamh san Ospidéal. Tá an scáthlán tobaic taobh amuigh den Phríomhbhealach Isteach.

Sábháilteacht Dóiteáin

Tá córas braite dóiteáin agus deataigh agus corás aláram ag Ospidéal Naomh Iósaef. Má tharlaíonn dóiteáin, cloí le teoracha na foirne.

Glaineacht / Sláinteachas

Tabhair cabhair dúinn chun timpeallacht shláintiúil agus ghlan a chothú ar mhaithe leis na h-othair agus leis na ball foirne.

- Nigh do lámhe le d' thoil agus bain úsáid as na glóthacha lámhe roimh agus tar eis aon teagmháil le hothar.
- Ná cur tuailí nó éadaí ar na radaitheoirí.
- Ná fág giuirléidí (cásanna san áireamh) ar an urlár.
- Tóg leat d'earraí maisíochta agus tú réidh sa leithreas.
- Ná stóráil bia ar nó in aon taisceadán mura bhfuil siad i gcoimeádáin aerdhíonacha.

Táimid buíoch duit as do comhoibriú. Má tá aiseolas agat maidir le sláinteachas, gabh i dteagmháil leis an gComhordaitheoir Sláinteachais ag (01) 852 8183.

Seirbhísí

Bia / Ól

Tá maisín díola ar fáil le haghaidh milseogra agus deochanna boga.

Bealach Isteach do Chathaoireacha Rothaí

Tá bealach isteach do chathaoireacha rothaí ar fáil in Ospidéal Naomh Iósaef le hardaitheoir oiriúnach do chathaoir rothaí. Tá saoráidí pháirceála ainmnithe ag an bPríomhbhealach isteach do dhaoine faoi míchumas.

Páirceáil

Tá saoráidí pháirceála ar fáil ar thailte an ospidéil d'othair agus do chathaoirí. Páirceáiltear gluaisteáin ar phriacal an úinéara.

Treoracha go dtí Ospidéal Naomh Iósaef

Suíomh

Tá Ospidéal Naomh Iósaef suite i dTuaisceart na cathrach BÁC. Tá sé suite ar Bhóthar Ghleanntán an Tobair, Ráth Eanaigh, atá beagnach 12km ó lár na cathrach. Tá sé áisiúil do roinnt bealaí bus agus is siúlóid gearr í ó Stáisiún DART Rath Eanaigh.

Tá mionmhapa ar leathanach 28 an lámhleabhair seo.

Iompair

Busanna: 17A, 29A, 31, 31A, 32, 32A, 42A. Ritheann na busanna seo ó Ché Éidin, is é 20 nóiméad achar measta an aistir bhus.

Traenacha: Tóg an DART go Rath Eanaigh. Má tá tú ag siúl, tar amach ón Stáisiún DART agus cóiméad ar chlé. Ansin, tóg an chéad chasadh ar thaobh na láimh clé agus lean ar agahidh ar feadh cúig nóiméad. Feicfidh tú Ospidéal Naomh Iósaef ar do chlé.

Mura bhfuil tú cinnte faoin mbealach, cur gloch led' thoil ar Ospidéal Naomh Iósaef le treoracha. Teil: (01) 877 4900.

Mapaí

Féach ar na mapaí led' thoil ag deireadh an Lámhleabhair seo.

Fondúireacht Beaumont

Is carthanas cláraithe Fondúireacht Ospidéal Beaumont agus is fiontar tiomsaithe airgid oifigiúil é d'Ospidéal Beaumont. Tá sé d'aidhm ag an bhFondúireacht maoiniú airgid a aimsiú agus a spreagadh ón bpobal ar mhaithe le barr foirfeachta a bhaint amach i gcúram othair in Ospidéal Beaumont.

Tuilleadh eolais ag suíomh Idirlín an Fhondúireachta ag www.bhf.ie

Mapaí & Treoracha

Suíomh

Tá Ospidéal Beaumont suite in Oirthuaisceart Cathair BÁC, gar don M50 agus Aerphort BÁC.

Tá mionmhapáí ag cúl an lámhleabhair seo.

Iompair

Bus

Freastalaíonn na busanna seo a leanas ar an ospidéal

16: Trí Sráid Uí Chonaill go Bóthar Beaumont.

16A: Trí Sr. Uí Chonaill go Bóthar Beaumont.

17A: Ó Fhionnghlas go dtí Ionad Siopadóireachta Northside (siúlóid 15 nóim).

20B: Ó Ché Éidin (D'fhéadfadh athrú) go dtí príomhgheataí Ospidéil Beaumont (siúlóid 10 nóim).

27: Ó Sr. Thailbóid go dtí Ionad Siopadóireachta Northside (siúlóid 10 nóim).

27B: Ó Ché Éidin go dtí Ospidéil Beaumont.

42A: Ritheann roinnt busanna 42A go dtí Ospidéal Beaumont ó Sráid na Mainistreacha Íochtairraigh (thart ar ceann in aghaidh na huaire).

104: Ó Gharáiste Bus Chluain Tarbh, Ionad Siopadóireachta Omni agus ansin go hOspidéal an Cheapaigh.

Tá mapaí ar fáil ón bPríomhoifig Fáilte, gar do Phríomhbhealach Isteach an Ospidéil. Féach ar www.dublinbus.ie le tuilleadh eolais.


Tacsáí

Tá stad tacsaithe ag bealach tosaigh an Ospidéil.


Mapaí

Mapaí an Cheantair ar leathanaigh 26, 27, & 28.

Lámhleabhar na nOthar, Ospidéal Beaumont



Lámhleabhar na nOthar, Ospidéal Beaumont



Ó Aerphort BÁC ar bhus: Stopann an 16A ar Bhóthar Beaumont, gar don Beaumont House Lounge. Is siúlóid cúig nóiméad é ó Phríomhghheataí an Ospidéil. Seiceáil www.dublinbus.ie le haghaidh na hanchláir bus is reatha.

Ó Aerphort BÁC i gcarr: Tóg an M1 Deisceart. Ag bealach amach ‘An Chúlóg’, cas ar chlé go Lana na Cúlóige. Cas ar dheis ansin go Bóthar na Coille Móire (trasna Ionad Siopadóireachta Northside). Féach ar na mapaí sa Lámhleabhar seo le haghaidh tuilleadh eolais.

Stáisiún (Traenach) Uí Chonghaile: Téann an bus 27B go hOspidéal Beaumont. Tá stad bus an 27B díreach os comhair Stáisiún Uí Chonghaile.

